# Gréasán Iompair Phoiblí Chorcaí

Samhain 2021

Connecting Ireland
Rural Mobility Plan

**Eochair Léarscáile**

- Bealach Réigiúnach atá ann cheana
- Bealach Áitiúil atá ann cheana
- Líne Iarnróid
- Ceann aistir, áit a dtosaíonn nó a gcríochnaíonn an bealach

Aerfoirt · Nithe is Díol Suime · Calafoirt Bád Fartha · Oideachas Tríú Leibhéal · Stáisiúin Traenach



# Feabhsuithe Beartaithe Iompair Phoiblí i gContae Chorcaí

| | Togra | Ag Nascadh | | Ag Freastal ar* | Cur Síos |
|---|---|---|---|---|---|
| Conairí Réigiúnacha Beartaithe | 1 | Trá Lí | Corcaigh | An Fearann Fuar, Cill Airne, Maigh Chromtha agus áiteanna eile ar an mbealach | Freastalaíonn bealach 40 ar an gconair seo faoi láthair. Beartaímid seirbhísí níos minice a sholáthar ar an gconair seo. Íosmhinicíocht seirbhíse 30 nóiméad. |
| Conairí Réigiúnacha Beartaithe | 2 | An Sciobairín | Corcaigh | Cloich na Coillte, Droichead na Bandan agus áiteanna eile ar an mbealach | Freastalaíonn bealaí 230 agus 237 ar an gconair seo faoi láthair. Beartaímid seirbhísí níos minice a sholáthar ar an gconair seo agus na seirbhísí atá ann cheana a chomhtháthú ar shlí níos fearr. Íosmhinicíocht seirbhíse 60 nóiméad. |
| Conairí Réigiúnacha Beartaithe | 2A | Cill Airne | An Sciobairín | Neidín, An Gleann Garbh, Beanntraí agus áiteanna eile ar an mbealach | Is conair nua í seo. Freastalaíonn bealaí 236 agus 270 ar chodanna den chonair seo faoi láthair.<br>Beartaímid na bealaí sin a chomhtháthú, agus íosmhinicíocht seirbhíse 2 uair an chloig ann. |
| Conairí Réigiúnacha Beartaithe | 6 | Corcaigh | Port Láirge | Mainistir na Corann, Eochaill, Dún Garbhán agus áiteanna eile ar an mbealach | Freastalaíonn bealaí 40, 260, 362 agus 600 ar an gconair seo faoi láthair. Beartaímid seirbhísí níos minice a sholáthar ar an gconair seo agus na seirbhísí atá ann cheana a chomhtháthú ar shlí níos fearr. Íosmhinicíocht seirbhíse 30 nóiméad. |
| Conairí Réigiúnacha Beartaithe | 7 | Corcaigh | Baile Átha Cliath | Mainistir Fhear Maí, Baile Mhistéala, An Chathair, Caiseal agus áiteanna eile ar an mbealach | Freastalaíonn bealaí 245X, 707 agus 704X, ar meascán de mhearsheirbhísí agus de sheirbhísí<br>uile-stad iad, ar an gconair seo faoi láthair. Beartaímid na seirbhísí uile atá ann cheana a chomhtháthú ar shlí níos fearr agus seirbhísí uile-stad níos minice a sholáthar.<br>Íosmhinicíocht seirbhíse 2 uair an chloig ar gach seirbhís uile-stad. |
| Conairí Réigiúnacha Beartaithe | 8 | Gaillimh | Corcaigh | Órán Mór, Inis, Sionainn, Luimneach, Mala agus áiteanna eile ar an mbealach | Freastalaíonn bealaí 51 agus 251 ar an gconair seo faoi láthair. Beartaímid seirbhísí níos minice a sholáthar agus na seirbhísí atá ann cheana a chomhtháthú ar shlí níos fearr. Íosmhinicíocht seirbhíse 30 nóiméad. |
| Conairí Réigiúnacha Beartaithe | 9 | Mala | Dún Garbhán | Mainistir Fhear Maí, Tulach an Iarainn, Lios Mór agus áiteanna eile ar an mbealach | Is conair nua í seo. Freastalaíonn bealaí 363 agus 364 ar chodanna den chonair seo faoi láthair.<br>Beartaímid na bealaí sin a chomhtháthú, agus íosmhinicíocht seirbhíse 2 uair an chloig ann. |
| Tograí Bealaigh Áitiúil | 235 | Corcaigh | An Réileán | Teamhair, An Chúirt Bhreac agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid an mhinicíocht a mhéadú ar bhealach 235 atá ann cheana ó Chorcaigh go dtí an Réileán.<br>3 thuras fillidh ar a laghad gach lá. |
| Tograí Bealaigh Áitiúil | 242 | Mainistir na Corann | Maigh Dhíle / Droichead na Scuab | Baile na Martra agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid bealach nua a sholáthar ó Mhainistir na Corann go Maigh Dhíle agus go Droichead na Scuab, rud a ghlacfaidh áit leaganacha atá ann cheana de bhealach 260. 3 thuras fillidh ar a laghad gach lá. |
| Tograí Bealaigh Áitiúil | 248 | Corcaigh | Gleann an Phréacháin | Carraig na bhFear, An Teampall Geal, Gleann an Phréacháin agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid an mhinicíocht a fheabhsú ar bhealach 248. 3 thuras fillidh ar a laghad gach lá. |
| Tograí Bealaigh Áitiúil | 253 | Dún Mánmhaí | Cionn tSáile | Cloich na Coillte, Cúirt Mhic Shéafraidh, Cill Briotáin, Béal Átha an Spidéil agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid bealach 253 a shíneadh ó Chloich na Coillte go Dún Mánmhaí.<br>5 thuras fillidh ar a laghad an Luan go dtí an Satharn agus 3 thuras fillidh ar a laghad ar an Domhnach. |
| Tograí Bealaigh Áitiúil | 257 | Cill Airne | Cionn tSáile | Sráid an Mhuilinn, Maigh Chromtha, Droichead na Bandan agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid bealach 257 a shíneadh ó Mhaigh Chromtha go Cionn tSáile.<br>3 thuras fillidh ar a laghad gach lá. |
| Tograí Bealaigh Áitiúil | 328 | Luimneach | Baile Mhistéala | Cathair Chinn Lis, Baile an Londraigh, An Gallbhaile<br>agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid an mhinicíocht a mhéadú ar bhealach 328 atá ann cheana ó Luimneach go Baile Mhistéala. 3 thuras fillidh ar a laghad gach lá. |
| Tograí Bealaigh Áitiúil | 521 | An Caisleán Nua | Gabhal Luimnigh | Drom Collachair, An Ráth, Cill Mocheallóg, Baile an Londraigh, Tiobraid Árann agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid bealach 521 a shíneadh ón Ráth go Gabhal Luimnigh, trí Chill Mocheallóg agus trí Thiobraid Árann. 6 thuras fillidh ar a laghad an Luan go dtí an Satharn agus 3 thuras fillidh ar a laghad ar an Domhnach. |
| Tograí Bealaigh Áitiúil | 236A | Ceann Baoi | Cill Chrócháin | Baile Chaisleáin Bhéarra, An Gleann Garbh, Beanntraí, Dúras agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid bealach nua a sholáthar ó Shunda Baoi go Cill Chróchái n, rud a ghlacfaidh áit leagan atá ann cheana de bhealach 236. 3 thuras fillidh ar a laghad gach lá. |
| Tograí Bealaigh Áitiúil | 237A | Carn Uí Néid | Baile an Chaisleáin | An Góilín, An Scoil, Béal an Dá Chab, An Sciobairín agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid bealach nua a sholáthar ó Charn Uí Néid go Baile an Chaisleáin, rud a ghlacfaidh áit<br>leagan atá ann cheana de bhealach 237. 3 thuras fillidh ar a laghad gach lá. |
| Tograí Bealaigh Áitiúil | 237B | Dún na Séad | Bréantrá | An Sciobairín agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid bealach nua a sholáthar ó Dhún na Séad go Bréantrá, rud a ghlacfaidh áit leagan atá ann cheana de bhealach 237. 5 thuras fillidh ar a laghad an Luan go dtí an Aoine, 3 thuras fillidh ar a laghad ar an Satharn agus an Domhnach. |
| Tograí Bealaigh Áitiúil | 240A | Mainistir na Corann | Baile Choitín | Cluain, An Seangharraí agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid bealach nua a sholáthar ó Mhainistir na Corann go Baile Choitín, rud a ghlacfaidh áit bhealach 240 atá ann cheana. 4 thuras fillidh ar a laghad an Luan go dtí an Satharn agus 3 thuras fillidh ar a laghad ar an Domhnach. |
| Tograí Bealaigh Áitiúil | 240B | Mainistir na Corann | Trá Bholgan | Sáilín, Áth Fhada, An Geata Bán agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid bealach nua a sholáthar ó Mhainistir na Corann go dtí an Geata Bán agus go Trá Bholgan, rud a ghlacfaidh áit bhealach 241 atá ann cheana. 9 dturas fillidh ar a laghad an Luan go dtí an Satharn agus 3 thuras fillidh ar a laghad ar an Domhnach. |
| Tograí Bealaigh Áitiúil | 243A | Greanach | Mala | Na Boinn, Drom Átháin agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid bealach nua a sholáthar ó Ghreanach go Mala, trí na Boinn, rud a ghlacfaidh áit leagan atá ann cheana de bhealach 243. 3 thuras fillidh ar a laghad gach lá. |
| Tograí Bealaigh Áitiúil | 243B | Mala | An Ráth | Dún ar Aill, Cill na Mallach, Baile an Teampaill Theas, Cillín an Chrónáin, Drom Aidhne agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid bealach nua a sholáthar ó Mhala go dtí an Ráth, trí Dhún ar Aill agus trí Chillín an Chrónáin, rud a ghlacfaidh áit leagan atá ann cheana de bhealach 243. 3 thuras fillidh ar a laghad gach lá. |
| Tograí Bealaigh Áitiúil | A51 | Cill Airne | Mala | Cill Chuimín, An Ráth Mhór, An Bóthar Buí, Ceann Toirc agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid bealach nua a sholáthar ó Chill Airne go Mala, tríd an Ráth Mhór agus trí Cheann Toirc.<br>3 thuras fillidh ar a laghad gach lá. |
| Tograí Bealaigh Áitiúil | A84 | Mala | Baile Mhistéala | An Seanbhaile Mór, Cill Dairbhre agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid bealach nua a sholáthar ó Mhala go Baile Mhistéala.<br>3 thuras fillidh ar a laghad gach lá. |

| | Bealach | Ag Nascadh | | Ag Freastal ar* |
|---|---|---|---|---|
| Bealaí atá ann cheana | 226 | Corcaigh | Cionn tSáile | Aerfort Chorcaí, Áth an Mhaide, Béal Guala agus áiteanna eile ar an mbealach |
| Bealaí atá ann cheana | 229 | Corcaigh | Beanntraí | Drom Dhá Liag, Dún Mánmhaí, Droichead na Bandan agus áiteanna eile ar an mbealach |
| Bealaí atá ann cheana | 231 286 | Corcaigh | Dhá Dhrom | An Gleann Garbh, Baile Chaisleáin Bhéarra, Na hAoraí agus áiteanna eile ar an mbealach |
| Bealaí atá ann cheana | 233 | Corcaigh | Maigh Chromtha | Cill na hOmnaí, An Chloch Dhubh, An Baile Gallda agus áiteanna eile ar an mbealach |
| Bealaí atá ann cheana | 236 | Corcaigh | An Gleann Garbh | Droichead na Bandan, Dún Mánmhaí, Drom Dhá Liag, Beanntraí agus áiteanna eile ar an mbealach |
| Bealaí atá ann cheana | 239 | Corcaigh | Lios Leamháin | Droichead na Bandan, Tigh Molaige, Cúirt Mhic Shéafraidh agus áiteanna eile ar an mbealach |
| Bealaí atá ann cheana | 243 | Corcaigh | Áth Trasna | Mala, Ceann Toirc agus áiteanna eile ar an mbealach |
| Bealaí atá ann cheana | 245 | Cluain Meala | Corcaigh | An Chloichín, Baile Mhistéala, Mainistir Fhear Maí, Ráth Chormaic agus áiteanna eile ar an mbealach |
| Bealaí atá ann cheana | 254 | Droichead na Bandan | Droichead na Bandan | Inis Eonáin, Cionn tSáile, Béal Átha an Spidéil, Cill Briotáin agus áiteanna eile ar an mbealach |
| Bealaí atá ann cheana | 520 | Baile Uí Argáin | Dún ar Aill | Cill Mocheallóg, An Ráth agus áiteanna eile ar an mbealach |
| Bealaí atá ann cheana | 245C | Baile Mhistéala | Mainistir Fhear Maí | Cill Dairbhre, Gleannúir agus áiteanna eile ar an mbealach |
| Bealaí atá ann cheana | Traein | Corcaigh | Baile Átha Cliath | Mala, An Ráth, Gabhal Luimnigh, Durlas, Port Laoise agus áiteanna eile ar an mbealach |
| Bealaí atá ann cheana | Traein | Corcaigh | Mainistir na Corann/an Cóbh | An tOileán Beag, An Gleanntán, Carraig Thuathail / Fóite agus áiteanna eile ar an mbealach |
| Bealaí atá ann cheana | Traein | Corcaigh | Trá Lí | Mala, Sráid an Mhuilinn, An Ráth Mhór, Cill Airne, An Fearann Fuar agus áiteanna eile ar an mbealach |

### Conairí Réigiúnacha Beartaithe

Tríd is tríd, oibríonn Conairí Réigiúnacha feadh príomhbhóithre, agus iad ag nascadh cathracha agus bailte móra agus aon lonnaíochtaí atá suite feadh na slí. Is féidir roinnt bealaí a bheith ann ar na conairí, roinnt díobh a bheith á soláthar ar bhonn tráchtála agus cinn eile a bheith á soláthar ag an Stát ach leas a bhaint as tacaíocht airgeadais. Ritheann roinnt bealaí feadh na conaire ar fad, ach ní ritheann cinn eile ach ar chodanna den chonair amháin. Leis an bplean 'Éire a Nascadh', cuirfear feabhas ar an leibhéal seirbhíse a sholáthraítear ar Chroíchonairí Réigiúnacha le linn an lae, um thráthnóna agus ag an deireadh seachtaine. Déanfaimid é sin trí idirchaidreamh a dhéanamh le soláthraithe seirbhíse atá ann cheana. Is féidir go dtabharfar seirbhísí nua isteach nó go gcuirfear feabhas ar sheirbhísí atá ann cheana.

### Tograí Bealaigh Áitiúil

Nascann bealaí áitiúla bailte agus sráidbhailte beaga agus a ndobharcheantair thuaithe leis na bailte móra atá suite in aice láimhe. Cuirfidh sé sin feabhas ar an raon seirbhísí a bhíonn ar fáil i lárionaid mhóra, ag amanna níos tairbhiúla den lá agus den tseachtain, do dhaoine a chónaíonn i limistéir thuaithe agus i sráidbhailte beaga. Fágfaidh sé freisin go mbeifear in ann aistriú chuig Seirbhísí Réigiúnacha le haghaidh taisteal ar aghaidh, agus naisc uainithe iontaofa ann.

### Bealaí atá ann cheana

Níl sé beartaithe aon athruithe suntasacha a dhéanamh ar na bealaí seo. De réir mar a fhorbraíonn an gréasán iompair phoiblí, agus de réir mar a thaistealaíonn tuilleadh daoine ar bhonn níos minice agus níos leithne ar an iompar poiblí, leanfaimid le hathbhreithniú a dhéanamh ar úsáid na mbealaí seo agus le bearta a dhéanamh chun a chinntiú go leanfaidh siad le bheith oiriúnach don fheidhm.

### Nótaí

*Ag Freastal ar: Léirítear ar an léarscáil príomhailínithe na mbealaí agus na seirbhísí atá beartaithe againn. Tógfaidh formhór na dturas an bealach sin. Mar sin féin, is féidir go mbeidh gá ann le himeacht ón mbealach sin chun nascacht a sholáthar do lonnaíochtaí beaga nó ceantair bheaga atá lonnaithe lasmuigh den phríomhailíniú agus a dteastaíonn leibhéal seirbhíse uathu freisin. Is féidir go mbeifear in ann idirdhealuithe a dhéanamh bunaithe ar an bhfaisnéis paisinéirí a ullmhaímid chun tacú leis na léarscáileanna atá léirithe. Beartaítear leis an bplean 'Éire a Nascadh' athrú ó bhonn a dhéanamh ar an nascacht iompair phoiblí. Pointe tosaigh ina lán cásanna is ea an t-íosleibhéal seirbhíse a shainaithníomar. I gcás go léirítear san anailís uainn go bhfuil údar ann le leibhéal seirbhíse ar mó iad ná an t-íosleibhéal, pleanálfaimid chun an leibhéal seirbhíse sin a sholáthar, i gcás gur féidir cistiú a shainaithint Is féidir go soláthrófar feabhsuithe ina gcéimeanna de réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh.

# Gréasán Beartaithe Iompair Phoiblí Chorcaí

Samhain 2021

Connecting Ireland
Rural Mobility Plan

**Eochair Léarscáile**

- Bealach atá ann cheana
- Líne Iarnróid
- Togra Conaire Réigiúnaí
- Togra Bealaigh Áitiúil
- Ceann aistir, áit a dtosaíonn nó a gcríochnaíonn an bealach

Aerfoirt | Nithe is Díol Suime | Calafoirt Bád Fartha | Oideachas Tríú Leibhéal | Stáisiúin Traenach

